Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**10533/24**

**JAI 916**
**FREMP 278**
**AG 116**
**POLGEN 98**
**DISINFO 86**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 14 Meitheamh 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le díospóireacht dhaonlathach atá saor, oscailte agus feasach a neartú agus a chosaint<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 14 Meitheamh 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le díospóireacht dhaonlathach atá saor, oscailte agus feasach a neartú agus a chosaint mar a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) iad ag an 4031ú cruinniú a bhí aici an 14 Meitheamh 2024.

# Conclúidí ón gComhairle maidir le díospóireacht dhaonlathach atá saor, oscailte agus feasach a neartú agus a chosaint

**Brollach**

(a) **Ag meabhrú di** an oibleagáid atá ar na Ballstáit na cearta agus na saoirsí a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') a ráthú agus go bhfuil na cearta agus na saoirsí bunúsacha sin uilíoch, dodhealaithe, idirspleách agus idirghaolmhar, agus go bhfuil feidhm acu as líne agus ar líne araon.

(b) **Ag athdhearbhú di** cosaint an chirt chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, mar a ráthaítear le hAirteagal 11 den Chairt, lena gcosnaítear an tsaoirse chun tuairimí a bheith ag an duine agus faisnéis agus barúlacha a fháil agus a thabhairt gan cur isteach ó aon údarás poiblí agus ar neamhaird ar theorainneacha.

(c) **Ag meabhrú di** go bhfuil dualgais agus freagrachtaí i gceist le feidhmiú an chirt chun tuairimí a nochtadh agus nach féidir aon teorannú a dhéanamh ar an gceart sin ná ar fheidhmiú an chirt sin ach amháin i gcomhréir leis an gCairt agus leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine. Beidh sé de shaoirse ag na Ballstáit i gcónaí forálacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun atá níos fabhraí i ndáil le leibhéal cosanta na gceart sin, bunaithe, mar shampla, ar rialacha bunreachtúla a bhaineann leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, go háirithe saoirse an phreasa agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i meáin eile.

(d) **Ag meabhrú di** Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar, arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808 (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc)[1], lena gcuirtear scileanna litearthachta sna meáin chun cinn, go háirithe trí cheangal a chur ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar foráil, le hardáin comhroinnte físeán faoina ndlínse, do bhearta agus uirlisí éifeachtacha litearthachta sna meáin, de réir mar is iomchuí.

---

[1] Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh, IO L 303, 28.11.2018.

(e) **Ag meabhrú di** an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (EMFA)[2], arb é is aidhm dó an dioscúrsa daonlathach mar aon leis na prionsabail a bhaineann le saoirse, iolrachas agus neamhspleáchas na meán a chaomhnú agus a neartú ar fud an Aontais Eorpaigh.

(f) **Ag meabhrú di** Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE ('an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha')[3]. **Agus béim a leagan aici** go háirithe ar na forálacha a bhaineann leis na hoibleagáidí ar sholáthraithe ardán an-mhór ar líne agus ar sholáthraithe inneall cuardaigh an-mhór ar líne, go háirithe maidir le modhnóireacht ábhair, trédhearcacht i bpróisis algartamacha, measúnuithe riosca agus bearta maolaithe riosca maidir leis na rioscaí sistéamacha a bhaineann leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, aon éifeachtaí diúltacha iarbhír nó intuartha ar phróisis dhaonlathacha agus ar scaipeadh ábhair neamhdhleathaigh, mar shampla fuathchaint neamhdhleathach.

(g) **Ag meabhrú di** Rialachán an Aontais4 maidir le trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla **agus béim á leagan aici ar** an gcaoi ar féidir leis an bhfógraíocht pholaitiúil a bheith ina héascaitheoir don bhréagaisnéis nó don chúbláil faisnéise, go háirithe i gcás nach nochtar gné pholaitiúil na fógraíochta sin, agus i gcás inar fógraíocht spriocdhírithe í.

(h) **Ag meabhrú di** gur gá measúnú cúramach a dhéanamh ar chearta bunúsacha chun cur i gcoinne na fuathchainte neamhdhleathaí ar líne, go háirithe na cearta bunúsacha maidir le dínit an duine (Airteagal 1 den Chairt), an ceart go ndéanfar an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a urramú (Airteagal 7 den Chairt), an ceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil (Airteagal 11 den Chairt), an ceart chun neamh-idirdhealaithe (Airteagal 21 den Chairt) agus prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta (Airteagal 49 den Chairt).

(i) **Ag meabhrú di** Cinneadh Réime 2008/913/CGB ón gComhairle an 28 Samhain 2008 maidir le foirmeacha agus léirithe áirithe ciníochais agus seineafóibe a chomhrac trí bhíthin an dlí choiriúil5.

(j) **Ag meabhrú di** conclúidí 2022 ón gComhairle maidir leis an gciníochas agus an frithsheimíteachas a chomhrac, conclúidí 2023 ón gComhairle maidir le ról an spáis shibhialta i ndáil le cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn san Aontas, agus conclúidí 2023 ón gComhairle maidir le cumhachtú digiteach chun cearta bunúsacha a chosaint agus a fhorfheidhmiú sa ré dhigiteach.

---

[2] Rialachán (AE) 2024/1083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE (an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán), IO L 1083, 17.4.2024.

[3] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE, IO L 277, 27.10.2022.

[4] Rialachán (AE) 2024/900 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla (IO L 2024/900, 20.3.2024).

[5] Cinneadh Réime 2008/913/CGB ón gComhairle an 28 Samhain 2008 maidir le cineálacha agus léirithe áirithe ciníochais agus seineafóibe a chomhrac trí bhíthin an dlí choiriúil IO L 328, 6.12.2008.

(k) **Ós díol sásaimh di** Dearbhú an 26 Eanáir 2022 maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití agus **ag meabhrú di** an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2020 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le plean gníomhaíochta um an daonlathas Eorpach[6].

(l) **Ós díol sásaimh di** an obair atá déanta ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha' anseo feasta), lena n-áirítear an tuarascáil uaithi an 22 Meán Fómhair 2021 maidir le spás sibhialta san Aontas a chosaint, agus na nuashonruithe bliantúla uirthi, agus an tuarascáil uaithi an 29 Samhain 2023 maidir le modhnóireacht ábhair ar líne agus na dúshláin atá ann faoi láthair i dtaca le fuathchaint a bhrath.

**<u>Díospóireacht dhaonlathach atá saor, oscailte agus feasach a neartú agus a chosaint</u>**

**<u>Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:</u>**

1. **Meabhraíonn sí** go bhfuil an tAontas fothaithe ar luachanna, atá i gcoiteann ag na Ballstáit, ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad[7]. **Measann sí** gur den tábhacht a chur san áireamh gur ceann de bunchlocha riachtanacha sochaí daonlathaí iolraíoch é an ceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil.
2. **Leagann sí béim ar** a bhuntábhachtaí atá ról na saoránach sa daonlathas Eorpach agus ar a riachtanaí atá sé go mbeadh sochaí againn arb iad is saintréithe di an t-iolrachas, an chaoinfhulaingt, an neamh-idirdhealú, an chuimsitheacht agus an urraim fhrithpháirteach, idir ar líne agus as líne, agus é sin a bhaint amach go háirithe trí chultúr tuisceana a chothú agus trí mhiotais chomhcheilge a dhíspreagadh agus an léiriú diúltach a dhíspreagadh a dhéantar ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí, nach bhfuil de bhun aige ach steiréitíopaí agus mífhaisnéis, bunaithe, mar shampla, ar a n-inscne, ar an mbaint atá acu, bíodh sí fíor ná braite, le grúpaí eitneacha nó reiligiúnacha nó aon bhonn eile.
3. **Dearbhaíonn sí gur saoth léi** an méadú scanrúil atá tagtha le déanaí ar theagmhais fuatha lenar díríodh ar mhná agus ar dhaoine ar de mhionlaigh iad, agus **meabhraíonn sí** na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 15 Nollaig 2023 ina gcáintear go neamhbhalbh gach cineál frithsheimíteachais agus fuatha, éadulaingthe, ciníochais agus seineafóibe, lena n-áirítear fuath i leith Moslamach[8].

---

[6] COM (2020) 790 final.
[7] Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.
[8] Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 15 Nollaig 2023, pointe 33.

4. **Dearbhaíonn sí gur ábhar imní di** go bhfuil an bhréagaisnéis agus go háirithe an bhréagaisnéis ar líne á scaipeadh go forleathan, rud a laghdaíonn muinín an phobail as institiúidí agus as na meáin[9], agus a chuireann bac ar cheart gach duine rochtain a fháil ar fhaisnéis iontaofa iolraíoch agus ar ár gcumas cinntí eolacha a dhéanamh, a thugann dúshlán na bpróiseas daonlathach agus a chuireann leis an bpolarú sóisialta.
5. **Leagann sí béim ar a riachtanaí atá sé** go ngníomhófaí go práinneach, ós rud é go bhfuil éifeachtaí díobhálacha an fhuatha agus an pholaraithe[10] ina ndúshláin ag dúshraith na luachanna daonlathacha, na gceart bunúsach agus na saoirsí bunúsacha, an smachta reachta agus an chomhtháthaithe shóisialta[11]. D'fhéadfadh a leithéid d'éifeachtaí díobhálacha foréigean agus idirdhealú a ghríosú, agus a bheith ina mbagairt shuntasach ní hamháin ar leibhéal an duine aonair ach freisin ar leibhéal an mhórchreata shóisialta, ar dhlisteanacht na n-institiúidí agus ar an ord poiblí. **Aithníonn sí** a chasta atá sé aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí diúltacha an fhuatha agus an pholaraithe, agus **leagann sí béim ar a riachtanaí** atá sé bearta cuimsitheacha a dhéanamh chun na bearnaí sóisialta a dhúnadh, agus peirspictíochtaí éagsúla á gcur san áireamh ag an am céanna.
6. **Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé** go nglacfaí cur chuige uile-shochaí, agus béim ar leith á leagan ar an oideachas, ar an litearthacht sna meáin ar líne agus ar an múscailt feasachta chun éifeachtaí díobhálacha an fhuatha agus an pholaraithe a chomhrac.
7. **Meabhraíonn sí** nach féidir leis an daonlathas rathú gan an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, ar saoirse í a chuireann ar chumas daoine aonair, iriseoirí, lucht léinn, ealaíontóirí, eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta, cosantóirí chearta an duine agus eile, a dtuairimí a chur in iúl gan aon chur isteach orthu, agus ceart bunúsach na ndaoine faisnéis neamhchlaonta a fháil á chur san áireamh, chomh maith le hurraim don cheart bunúsach go ndéanfaí clú, sonraí pearsanta agus príobháideachas an duine a chosaint. **Dearbhaíonn sí** gur ar údaráis inniúla na mBallstát atá an phríomhfhreagracht as an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus an t-iolrachas a chosaint.
8. **Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé** d'oifigigh phoiblí ardchaighdeáin ghairmiúla[12] a choimeád agus a ndualgais phoiblí á bhfeidhmiú acu, chun muinín an phobail as an gcóras institiúideach a neartú agus chun tacú léi.
9. **Aithníonn sí** an ról suntasach atá ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ag na pobail áitiúla ó thaobh idirphlé agus trédhearcacht a chothú, próisis institiúideacha a mhíniú agus éifeachtaí díobhálacha an fhuatha agus an pholaraithe a chomhrac.

---

[9] Féach, mar shampla, an Fóram Eacnamaíoch Domhanda, Tuarascáil 2024 maidir le Rioscaí Domhanda, lgh. 17, 18 agus 98, ina léirítear riosca na n-éifeachtaí sin.
[10] Is samplaí iad an t-idirdhealú agus an ciníochas de na hiarmhairtí díobhálacha a eascraíonn as an bhfuath agus as an bpolarú.
[11] Féach, mar shampla, JOIN (2023) 51.
[12] E.g. cóid iompair, srl.

10. **Tuigeann sí** go bhfuil ról tábhachtach ag iriseoirí agus ag meáin shaora, neamhspleácha iolraíocha ó thaobh an díospóireacht phoiblí a éascú agus ó thaobh faisnéis, tuairimí agus smaointe a bheith á gcomhroinnt agus á bhfáil.
11. **Measann sí gur mór** na deiseanna a chuireann an timpeallacht dhigiteach ar fáil, rud a thugann rochtain don duine ar spás iolraíoch dinimiciúil chun é nó í féin a chur in iúl agus chun faisnéis a fháil, ach gur ann freisin do rioscaí agus dúshláin ghaolmhara, nach mór a mhaolú trí mhodhnóireacht éifeachtach a dhéanamh ar ábhar ar líne agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil á hurramú ag an am céanna.
12. **Dearbhaíonn sí** go bhfuil sí toilteanach leanúint dá cuid oibre chun an fhuathchaint agus an fhuathchoireacht a chomhrac ar leibhéal an Aontais.

**<u>Iarrann Comhairle an Aontais Eorpaigh ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:</u>**

13. Feachtais chuimsitheacha múscailte feasachta, bearta coisctheacha agus tionscnaimh oideachais **a chur chun cinn** le go mbeidh na hinniúlachtaí sibhialta ag daoine, chomh maith le scileanna smaointeoireachta criticiúla, litearthacht sna meáin agus an cumas faisnéis iontaofa a aithint. **Spreagadh a thabhairt** le go ndéanfaí an litearthacht sna meáin, na scileanna smaointeoireachta criticiúla agus na hinniúlachtaí sibhialta a fhorbairt san oideachas.
14. I gcás inarb iomchuí, **spreagadh a thabhairt** le go ndéanfaí ardáin nó acmhainní láraithe a bhunú le haghaidh ábhair oideachais, tacar straitéisí agus treoirlínte is féidir a úsáid chun cláir litearthachta sna meáin a fhorbairt agus a chur chun feidhme – macasamhail a bhfuil déanta ag an bhFaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha13. D'fhéadfaí a áireamh sna cláir sin cuir chuige chun steiréitíopaí a chomhrac agus chun tuiscint ar éagsúlacht agus ar chuimsitheacht sa tsochaí a chur chun cinn, agus é mar aidhm timpeallacht a chothú inar féidir deis cainte a bheith ag cách.
15. Cistí a **leithdháileadh**, i gcás inarb iomchuí, ar thionscadail agus ar thionscnaimh lena gcuirtear chun cinn an dioscúrsa poiblí cuimsitheach, an smaointeoireacht chriticiúil, an tseiceáil fíricí, an litearthacht sna meáin agus an t-oideachas maidir leis an daonlathas agus cearta bunúsacha.
16. Tuiscint **a chothú** ar dhinimic an fhuatha agus an pholaraithe, **faireachán** a dhéanamh ar an dul chun cinn ar mhaolú éifeachtaí díobhálacha an fhuatha agus an pholaraithe agus na beartais agus an chumarsáid **a oiriúnú** dá réir.
17. **Cur le** tionscnaimh chun an chomhtháthú sóisialta a fhorbairt agus an polarú sóisialta a laghdú i measc daoine, gan beann ar inscne, bunadh sóisialta nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, gnéaschlaonadh, aois, tuairimí polaitiúla nó tosca eile.

[13] https://edmo.eu/resources/repositories/mapping-the-media-literacy-sector/

18. **Gealltanas a thabhairt** go ndéanfaidh siad plé eolasach, measúil agus cuimsitheach a chothú sa ngnáthshaol agus sa saol ar líne chun cur i gcoinne éifeachtaí díobhálacha an fhuatha agus an pholaraithe. Bearta coisctheacha nó múscailte feasachta spriocdhírithe **a cheapadh** agus **a chur chun feidhme** chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí díobhálacha an fhuatha agus an pholaraithe, agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá sé na peirspictíochtaí éagsúla a chur san áireamh, go ndéanfaí leasanna a chothromú agus an t-idirphlé cuiditheach a chur chun cinn. **Comhoibriú**, i gcás inarb ábhartha, le pobal na háite, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, le gníomhaithe sna meáin agus le tionscal na teicneolaíochta chun a áirithiú gur ábhartha don chomhthéacs agus gur inrochtana na feachtais.
19. **Tacú** le cláir forbartha pobail agus le tionscnaimh idirchultúrtha lena n-éascaítear an t-idirphlé, an tuiscint, an comhar agus an comhtháthú sóisialta idir grúpaí éagsúla – bíodh na grúpaí sin fíor nó braite.
20. Gníomhaíochtaí sóisialta comhoibríocha **a cheapadh, a chur chun feidhme agus a chur chun cinn** ar mhaithe le rannpháirtíocht na saoránach chun dul i ngleic leis an bhfuathchaint agus leis an bpolarú, agus lena n-éifeachtaí díobhálacha ar an daonlathas a chomhrac, agus **tacú le** spás sibhialta sábháilte cumasúcháin a chur chun cinn agus le daoine aonair agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bheith rannpháirteach i bpróisis chinnteoireachta, ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta, a mbeadh an plé agus an rannpháirteachas de dhlúth is d'inneach iontu.
21. **Tacú le** heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus **iad a chumhachtú** trína gcistiú agus trí thionscnaimh chomhoibríocha a dhéanamh, agus aitheantas á thabhairt ag an am céanna, don ról lárnach atá acu ó thaobh cur i gcoinne éifeachtaí díobhálacha an fhuatha agus an pholaraithe, idir ar líne agus as líne. **A áirithiú** go n-oibreofaí i gcomhar le raon leathan d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun an cuimsiú a chothú agus le bheith ina scáthán ar éagsúlacht na sochaí14.
22. Ról na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine agus na gComhlachtaí Comhionannais **a chur chun cinn** ó thaobh díospóireacht dhaonlathach shaor agus fheasach a chothú, trí fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceart bunúsach ar an leibhéal náisiúnta, trí thaighde a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le cearta bunúsacha ar an leibhéal náisiúnta, agus trí aon chúraimí breise eile a chomhlíonadh a d'fhéadfadh teacht faoina sainordú mar a shainítear ar an leibhéal náisiúnta é, mar shampla tacú le híospartaigh aonair ar sáraíodh a gcearta agus na híospartaigh sin a chumhachtú.
23. Meáin atá saor, neamhspleách agus iolraíoch **a chothú** trí bhearta oiriúnacha a ghlacadh lena gcuirtear éagsúlacht agus ionadaíocht na meán chun cinn. D'fhéadfaí a áireamh leis sin go dtacófaí le heagraíochtaí meán iolraíocha, neamhspleácha agus éagsúla, go n-áiritheofaí rochtain chothrom ar fhaisnéis do gach cuid den tsochaí, go ndéanfaí iriseoirí agus a bhfoinsí a chosaint, go ndéanfaí bearta leordhóthanacha le háirithiú go mbeadh saor-rochtain ar éagsúlacht réimsí foinsí agus peirspictíochtaí, agus go ndéanfaí an nuáil a chothú sna meáin.

[14] Is i gcomhréir le hAirteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, eadhon, 'gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach' a léifear é seo.

24. Acmhainneacht na n-údarás rialála náisiúnta ábhartha agus na n-údarás forfheidhmithe dlí ábhartha agus an comhordú eatarthu **a neartú** ó thaobh faireachán a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar chásanna d'ábhar neamhdhleathach lena spreagtar idirdhealú, ciníochas nó fuath, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, i gcomhréir leis na prionsabail bhunúsacha a bhaineann le saoirse an phreasa agus leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. Na huirlisí agus na sásraí riachtanacha **a sholáthar** do na húdaráis sin chun tacú leis na húdaráis bhreithiúnacha agus iad ag déanamh imscrúduithe agus, más iomchuí, iad ag gníomhú, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, i gcoinne daoine aonair nó eintitis a scaipeann ábhar neamhdhleathach lena ngríosaítear idirdhealú, ciníochas nó fuath, agus saoirsí bunúsacha agus prionsabail na dlíthiúlachta, an riachtanais agus na comhréireachta á gcosaint ag an am céanna.
25. Na modhanna riachtanacha cumarsáide **a bhunú**, i gcomhréir leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, idir na húdaráis náisiúnta inniúla agus an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha ionas gur féidir faisnéis atá ábhartha d'fhorfheidhmiú an gnímh sin a chur in iúl.
26. **Spreagadh a thabhairt** le go ndéanfaí acmhainní iomchuí **a leithdháileadh** do thionscadail taighde chun dinimic scaipeadh na bréagaisnéise a thuiscint, dinimic a chuireann leis an idirdhealú nó leis an bhfuath. **Spreagadh a thabhairt** don chomhobair idir acadóirí, seiceálaithe fíricí, eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta, saineolaithe teicneolaíochta agus gairmithe sna meáin chun réitigh nuálacha, sásraí luathbhrathadóireachta agus uirlisí eile a fhorbairt, ar nós Cód Cleachtais 2022 maidir le Bréagaisnéis.
27. Na cuir chuige éagsúla atá ann chun cur i gcoinne éifeachtaí díobhálacha sonracha an fhuatha agus an pholaraithe ar líne **a chomhtháthú** sa cheapadh beartais trí infheistiú chun tuiscint a fháil ar an dinimic is bun dóibh. Beartais agus teachtaireachtaí **a chur in oiriúint** chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí sin ar bhealach éifeachtach, agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil á cosaint ag an am céanna.
28. An oiliúint **a chur chun cinn** do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus d'údaráis inniúla eile – chun cumhdach, sainaithint, tuairisciú agus baint anuas a áirithiú, go cuimsitheach, i ndáil le hábhair ar ardáin ar líne, i gcás ina bhforáiltear dó sin leis an dlí agus i gcás inar riachtanach comhréireach é, agus sa chás sin amháin. I gcás inarb ábhartha, **comhoibriú** le hardáin an-mhór ar líne chun uirlisí TF a fhorbairt do mhodhnóireacht ábhair ar líne chun cabhrú leis na húdaráis sin faireachán agus anailís a dhéanamh ar ábhar ar líne, tar éis tástáil chríochnúil a dhéanamh ar a mhéid atá na huirlisí oiriúnach dá bhfeidhm agus nach mbaineann siad an bonn de chearta agus saoirsí bunúsacha.

**<u>Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:</u>**

29. **Ag meabhrú di** an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 6 Nollaig 2023, 'Ní ghlacfar leis an bhfuath: Eoraip le chéile i gcoinne an fhuatha'15, arb é is aidhm di dlús a chur le hiarrachtaí an Aontais an fuath de gach cineál a chomhrac, trí ghníomhaíocht a threisiú i réimsí éagsúla beartais, ag díriú go háirithe ar dhaoine agus spásanna poiblí a chosaint trí pháirt a thabhairt don tsochaí ina hiomláine.
30. **Ag meabhrú di** Moladh (AE) 2023/2836 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2023 maidir le rannpháirtíocht shibhialta16, Moladh (AE) 2023/2829 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2023 maidir le toghcháin chuimsitheacha athléimneacha17, Moladh (AE) 2021/1534 ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le cosaint, sábháilteacht agus cumhachtú iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin san Aontas Eorpach a áirithiú18, Moladh (AE) 2022/758 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2022 maidir le hiriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a bhíonn i mbun rannpháirtíocht an phobail a chosaint ar imeachtaí cúirte ar follasach go bhfuil siad gan bhunús nó mí-úsáideach19, agus an Treoir20 maidir le daoine a bhíonn i mbun rannpháirtíocht an phobail a chosaint ar éilimh atá go follasach gan bhunús nó ar imeachtaí cúirte mí-úsáideacha.
31. **Ós díol sásaimh di** an obair atá déanta ag an gCoimisiún agus na straitéisí éagsúla **á dtabhairt dá haire aici** atá forbartha ag an gCoimisiún le blianta beaga anuas chun aghaidh a thabhairt ar na cásanna agus na dúshláin ar leith a bhíonn ag daoine atá thíos leis an idirdhealú21.

---

[15] JOIN(2023) 51.

[16] Moladh (AE) 2023/2836 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2023 maidir le ról gníomhach agus rannpháirtíocht éifeachtach na saoránach agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta sna próisis ceaptha beartas poiblí a chur chun cinn, IO L 2836, 20.12.2023.

[17] Moladh (AE) 2023/2829 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2023 maidir le próisis thoghchánacha chuimsitheacha athléimneacha san Aontas agus feabhas a chur ar an ngné Eorpach agus ar stiúradh éifeachtúil na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa, IO L, 2829, 20.12.2023.

[18] Moladh (AE) 2021/1534 ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le cosaint, sábháilteacht agus cumhachtú iriseoirí agus gairmithe meán eile san Aontas Eorpach a áirithiú, IO L 331, 20.9.2021.

[19] Moladh (AE) 2022/758 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2022 maidir le hiriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a bhíonn i mbun rannpháirtíocht an phobail a chosaint ó imeachtaí cúirte ar follasach go bhfuil siad gan bhunús nó mí-úsáideach ('Cúiseanna dlí straitéiseacha in aghaidh rannpháirtíocht an phobail'), IO L 138, 17.5.2022.

[20] Treoir (AE) 2024/1069 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le daoine a bhíonn ag gabháil do rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar éilimh atá go follasach gan bhunús nó ar imeachtaí cúirte mí-úsáideacha ('Cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí') IO L 1069, 16.4.2024.

[21] Plean Gníomhaíochta Frithchiníochais an Aontais Eorpaigh, 2020-2025, Straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú (2021-2030), an Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ (2020–2025), an Straitéis um Chomhionannas Inscne (2020–2025), an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030, an Creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach 2020-2030 agus Straitéis an Aontais um Chearta an linbh.

32. **Ag aithint di** an obair thábhachtach a rinne an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha agus sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla á mbailiú aici agus **í á misniú** chun obair a dhéanamh ar dhúshláin nua i réimse na gceart bunúsach, na fuathchainte agus mhodhnóireachta an ábhair ar líne, go háirithe i gcomhthéacs tuiscint a fháil ar impleachtaí do na cearta bunúsacha ag eascairt as rioscaí sistéamacha a bhaineann le leathadh na fuathchainte neamhdhleathaí agus an pholaraithe.

**<u>Iarrann sí ar an gCoimisiún an méid a leanas a dhéanamh:</u>**

33. **Obair leantach a dhéanamh** i ndáil le Teachtaireacht Chomhpháirteach an 6 Nollaig 2023 ón gCoimisiún Eorpach agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála 'Ní ghlacfar leis an bhfuath: Eoraip le chéile i gcoinne an fhuatha'.
34. **Forléargas** a thabhairt don Chomhairle ar staid chur chun feidhme na dtionscnamh a rinneadh chun cur i gcoinne éifeachtaí díobhálacha an pholaraithe, na fuathchainte agus na bréagaisnéise, mar a leagtar amach iad sa Teachtaireacht Chomhpháirteach an 6 Nollaig 2023, agus réimsí á sainaithint ag an am céanna a bhféadfadh gníomhaíochtaí sonracha fós a bheith ag teastáil ina leith nó a bhféadfadh cur chuige comhordaithe dul chun tairbhe dóibh.
35. **Leanúint**, mar chuid den tacaíocht airgeadais ón gCreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha, **de** chistiú leordhóthanach agus inrochtana **a sholáthar** do chláir litearthachta sna meáin agus do chláir inniúlachtaí sibhialta, do thionscadail lena dtacaítear le fothú acmhainneachta eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun cumais dhigiteacha a chothú, agus do thionscadail phobail-stiúrtha lena gcothaítear an t-idirphlé, an comhar agus an tuiscint. Agus an tacaíocht airgeadais sin á leithdháileadh, **tosaíocht a thabhairt** do thionscnaimh lena dtugtar grúpaí éagsúla le chéile chun an comhtháthú sóisialta a neartú agus chun cur i gcoinne fórsaí deighilteacha.
36. **Feasacht a mhúscailt** maidir leis na comhluachanna Eorpacha, lena n-áirítear an meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad[22], agus daoine aonair a spreagadh chun páirt ghníomhach a ghlacadh i ndíospóireacht chuimsitheach phoiblí.
37. **Leanúint** d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, na meáin agus iriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a chosaint, de bheith á dtacú leo agus dá gcumhachtú, agus iad a spreagadh le comhoibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt, ó pheirspictíocht chomhtháite, ar shaincheisteanna – lena n-áirítear saincheisteanna atá ag teacht salach ar a chéile – agus, i gcás inarb iomchuí, le páirt a ghlacadh i bpróisis chinnteoireachta agus bheartais.

[22] Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

38. Dioscúrsa poiblí cuimsitheach iolraíoch **a chothú** chun plé a dhéanamh féachaint le réiteach a fháil ar fhadhbanna coiteanna, agus an dioscúrsa sin a chothú trí thacú le timpeallachtaí ar líne agus as líne ina mbraitheann daoine ar a gcompord lena dtuairimí a chur in iúl, lena n-áirítear tuairimí easaontacha. Modhanna comhoibríocha cumarsáide **a chothú**, lena n-áirítear painéil saoránach chun ionadaíocht níos cothroime ar pheirspictíochtaí éagsúla a chur chun cinn laistigh den mhór-insint.

39. I gcomhthéacs chur chun feidhme an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, na hoibleagáidí maidir le hardáin an-mhór ar líne agus maidir le hinnill chuardaigh an-mhór ar líne **a fhorfheidhmiú**, *inter alia* trí **chomhoibriú** le rialtais náisiúnta chun tacú le comharthóirí iontaofa, agus rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta á giaráil le go bhféadfaí cineálacha éagsúla fuathchainte neamhdhleathaí ar líne a aithint chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí díobhálacha an fhuatha agus an pholaraithe ar líne. **Leanúint** de bheith ag obair le sínitheoirí Chód Iompair 2016 maidir leis an bhfuathchaint neamhdhleathach ar líne a chomhrac agus Chód Cleachtais 2022 maidir le Bréagaisnéis, chun leas iomlán a bhaint as na cóid sin ó thaobh scaipeadh na fuathchainte agus na bréagaisnéise a laghdú, agus bearta na gCód sin i lánchomhréir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil.

40. **Úsáid** Chóras Mear-Rabhaidh an Aontais **a chur chun cinn** le gurbh fhusa léargais i ndáil le feachtais bhréagaisnéise a chomhroinnt, agus freagairtí a chomhordú i measc institiúidí an Aontais agus na mBallstát. Comhordú feabhsaithe **a spreagadh** idir an Córas Mear-Rabhaidh agus an Fhaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha agus a moil réigiúnacha, agus na comhlachtaí sin a mhisniú chun díriú ar thionchar na bréagaisnéise a bhaineann le scaipeadh fuathábhair agus leis an bpolarú.